

## Varia

James McCloskey

### 1.

Ainm briathartha ar bith a shíolraítear ó bhriathar aistreach, agus cuspóir díreach a bheith roimhe, is iondúil an mhír *a* (nó *do* corruair i gCúige Mumhan) mar réimhír leis i gcanúintí uilig na Nua-Ghaeilge:<sup>1</sup>

- (1) a B'éigean dóibh a gcríocha a chosaint.  
b nach bhfuil fhiros agat ... nach bhfuil mise in ann thú a thabhairt ann.  
c ní fhéadfadh sé iad a léamh

Fiú má bhíonn an cuspóir díreach in easnamh nó intuigthe (i gcásal coibhneasta mar shampla, nó i gclásal ceisteach), is iondúil an réimhír a bheith roimh an ainm briathartha:<sup>2</sup>

- (2) a Fuair sé an t-anró is gnáth le gasraí fostaithe – a fháil. (DM 36)  
b deor amháin ní thiocfadh leis – a shlogadh (UMI 10)  
c Sin é an ní nach bhfuil mise in ann – a dhéanamh (EMRE 48)  
d ar lorg na luibhe 'tá a' cinnt air féin – a fháil le cheithre bliana (U 180)  
e Réal an ceann ba ghnách le Cit – a dh'fháilt ar na crúscáí (ASL 97)  
f Na trí cathanna is gnáth leis an áirseoir – a chur ar an gCríostaide. (CMD. i. 96)

<sup>1</sup> Ach féach De Bhaldraithe (1948:478), áit ina bhfuil cuntas ar an phatrún Gaillimheach: *Ní maith liom thú déanamh fírinne dhó.* Féach festa Ó Curnáin (1996: 428).

<sup>2</sup> Baintear leas as an tsiombal ‘—’ sna samplaí seo agus tríd síos le gnáthshuíomh an chuspóra sa chlásal neamhfhinideach a chur in iúl.

Fiú agus an t-ainmní a bheith lúaite, mar an gcéanna don phatrún comhréire:

- (3) a Caidé ba mhaith leat mé – a dhéanamh duitanois? (MOC 276)
- b an bealach a ba mhaith leat mé – a leanstan (DCA 261)
- c Tá a fhios agam goidé a ba mhian libh mé – a dhéanamh (BG 155)
- d Caidé a ba mhian leat mé – a dhéanamh duit? (UMI 256)

Níl nuaíocht ar bith sa mhéid seo (féach mar shampla Ó Cadhlaigh 1940: §458, ll. 374–376, Gaiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí, l. 251, §519).

Ach tá patrún eile festa ann nár tugadh cuntas air go dtí seo, go bhfios dom—patrún a bhfuil fáil air i dTír Chonaill agus i gCiarraí ar a laghad. Sa phatrún seo, bíonn an réimhír *a* in easnamh i gcás briathair aistrígh má tá cuspóir an ainm bhriathartha in easnamh. Le Corca Dhuibhne a bhaineann na samplaí in (4); le Tír Chonaill a bhaineann (5).

- (4) a an té ... do b’ansa leis feiscint (BOM 216)
- b Níl moladh dá airde dá bhféadfaí tabhairt do dhuine nach bhfuil ag dul do Mháire Ní Eireamhóin. (ODR2 302)
- c Fál go hairde spéire níor mhór dó tógaint eatarthu (ODR1 121)
- d na hearraí troscáin go léir d’fhéadfaí breith leo (ODR1 143)
- e Dúirt an tAthair Ó hAnnluain leis gur ceadúnas neamhfhoirmiúil a chaithfeadh sé tabhairt dó. (ODR1 194)
- f rud nach raibh an chúirt i bhfonn tabhairt dó (ODR1 235)
- g féachaint cad ab fhearr socrú (ODR2 35)
- h ar bhord uaighe an churaidh seo nár ghlac riamh le cloí agus nár bh fhéidir cloí (ODR2 287)
- (5) a ní nach corr ceilt (CM 99)
- b cailín ar bith a thiocfadhb cur i gcomórtas léi (CM 124)
- c fán gharbh-bhia a b’éigean dóibh cur os coinne strainséirí (CM 142)
- d Ní raibh mise ábalta tabhairt liom ach céad ceann. (CCC 161)

Na húdair ónar bailíodh na samplaí seo (Tomás Croimhthain, Seán Ó Lúing, Seán Mac Meanman), údair iad uilig a chleachtaíonn stíl thomhaiste, fhoirmeálta,

thraidisiúnta. Ní dóiche, mar sin, gurbh fhéidir an patrún comhréire a bhfuil léiriú air in (4) agus in (5) a rangú i measc na bpatrún atá ag teacht chun cinn go gasta i measc cainteoirí óga. Ceann dena deiseanna comhréire é a bhaineann le réim úsáide fhoirmeálta na Gaeilge ‘traidisiúnta’.

## 2.

Tá cuntas tugtha cheana féin agam (McCloskey 1996a) ar an phatrún ‘tuaisceartach’ (6) a bheith ar fáil (mar phatrún imeallach) i gcanúintí Chúige Mumhan (féach festa de Bhaldráithe (1985)):

- (6) a [ Ainmní Cuspóir a+Ainm Briathartha . . . ]
- b i ndiaidh é an leabhar a chríochnú

Cuireadh samplaí ar fáil san alt sin ó Chorcha Dhuibhne agus ó Chontae an Chláir. Ach is cosúil go bhfuil an patrún le fáil i gContae Phort Láirge festa, mar a léiríonn na samplaí seo thíos:

- (7) a Is cuimhin liom féin m’athair láir a cheannach. (ASL 121)
- b ar eagla gurbh ait leat mé duine a chur ina bhun a bhí an fad sin ó bhaile (D 39)

I gcomhthéacs a bhfuil ráite thusa (rannóg 1), is féidir an pictiúir a ionlánú ar bhealach eile festa leis an tsampla seo thíos ó Chorca Dhuibhne:

- (8) rud nár theastaigh ón iascaire í — a dhéanamh (BOM 189)

Sa chás seo, is é an forainm *í* an t-ainmní, tá an cuspóir díreach in easnamh agus ó thaobh comhréire de, tá an sampla seo inchurtha go hiomlán leis na samplaí Conallacha a bhí in (3) againn.

## 3.

Tá cur síos ag Mac Cana agus Ó Baoill (1997: 266-267) ar ghné shuimiúil den imoibriú idir dhá chatagóir ghamadaí de chuid na Nua-Ghaeilge—an fhoirm neamhphearsanta (nó an ‘Briathar Saor’) agus briathra cúnta (an briathar substainteach *tá* nó an briathar *déan*, mar shampla). Ba mhaith liom anseo cur beagán beag lena raibh le rá san alt sin. Mar a léiríonn Mac Cana agus Ó Baoill, is féidir, ar choinníollacha áirithe, foircéann deilbhíochta na foirme neamhphearsanta a chur leis an bhriathar chúncta, seachas leis an phríomhbhriathar, cé gur leis an phríomhbhriathar

a bhaineann an foirceann sin ó cheart nó ó thaobh céille de. Is amhlaidh is suntasaí an patrún comhréire seo nuair is é atá mar bhunús leis briathar a gcaithfidh dul na foirme neamhphearsanta a chur air le brí áirithe a chur in iúl. Tá ciall speisialta leis an bhriathar *cas*, mar shampla, nuair a bhíonn dul na foirme neamhphearsanta air:

- (9) Casadh orm é.  
'I met/happened to meet him.'

Díol suntais, mar sin, samplaí cosúil le (10) agus (11) a bheith ar fáil. Le Tír Chonaill a bhaineann (10) agus is é atá ann leagan foirfe de úsáid seo an bhriathair *cas*:

- (10) Bhíothas i ndiaidh an bheirt bhan a chastáil ar a chéile.  
'The two women had just met.' (DCA 204)

Le Maigh Eo a bhaineann (11) agus is san fhoirm leanúnach atá an abairt:

- (11) Nár thrua nach rabhthas ag casachtáil aon duine de na buachaillí óga air! (PMB 205)

Cé gurb é an briathar *cas* a éilíonn an fhoirm neamhphearsanta i gcásanna mar seo (sa mhéid is gur trí úsáid na deilbhíochta sin a chuireann an briathar áirithe seo an chiall áirithe seo in iúl), is ar an bhriathar chúnta a gheibhtear an foirceann deilbhíochta féin agus ní ar an phríomhbhriathar. Ní fhéadfaí, ar ndóigh, de réir rialacha morfeolaíochta na Gaeilge, an foirceann seo a chur le briathar neamhfhinideach.

Tabhair faoi deara, fosta, gur mar chuspóir díreach, seachas mar ainmní, a dhéantar comhlánú an bhriathair a réaladh ar an dromchla insna struchtúir seo (rud nach léir go hiomlán ón ghrúpa samplaí a cuireadh ar fáil in alt Mhic Chana agus Uí Bhaoill). Is leor mar fhianaise air seo an mhír *a* a bheith roimh an ainm bhriathartha in (10). Le canúint Chonallach a bhaineann (10); da mba ainmní an frása *an bheirt bhan*, ní bheadh an mhír seo roimhe. Is soiléire fós (óna shuíomh) gur cuspóir díreach an frása *aon duine de na buachaillí óga* in (11).

Mar an gcéanna don bhriathar *caill* san fhoirm leanúnach, nuair a chuireann sé bás in iúl:

- (12) táthar a' mo chailleadh  
'I'm dying.' (UMI 23)

Tá mórchúpla eile samplaí den déanamh bhunúsach chéanna ann, ach gurb é is bunús leo uilig briathar a chuireann mothúchán nó tuairim (lag)

in iúl. San fhoirm neamhphearsanta a bhíonn na briathra seo (nó is féidir leo an dul sin a bheith orthu) agus leis an réamhfocal *do* a dhéanann siad marcaíl ar an chomhlánú a chuireann síos ar an duine ar leis an mothúchán nó an tuairim:

- (13) a taibhsíodh dom nár bh aon éan in aon chor a bhí ann (NCN 107)
- b Ceapadh dom go raibh cuma ghruama orthu. (AT 70)
- c nó gur foghmharaí neamhchoitcheann é mar saoileadh do Mhac (F 17)
- d Ní thuigtear dúinn na rudaí sofheicthe (AG 124)
- e Samhluigheadh di ... gurb ann do bhí a dídean. (F 24)
- f Deallramhuigheadh do gur silleadh fiosrach é. (F 29)
- g Braitleadh do ná raibh Pínn in ao chor n-aonar i bhfeillebheart. (F 161)

Nuair is gá dul na foirme leanúnaí a chur ar bhriathra den ghrúpa seo, is mar seo a dhéantar é—foirceann deilbhíochta na foirme neamhphearsanta a chur leis an bhriathar chúnta (*tá bunús an ama ach d'fhéadfaí briathra eile a bheith i gceist festa; féach (14)b*), agus rangabhlíl leanúnach a dhéanamh den phríomhbhriathar. Le canúintí Conallacha a bhaineann na samplaí in (14):

- (14) a Bhíthear ghá thaidhbhsiughadh dá h-anam istigh go ndéanfad a bhás-san cuspóir sár-mhór eighinteacht a choimhlíonadh (UMI 308)
- b Chan anocht a toisigheadh a thaidhbhsiughadh rudaí mar sin domh-sa (UMI 23)
- c go rabhthas ag samhladh an ama a bhí le theacht díthe (I 120)
- d Bhítheas dhá thaidhbhsiú damh go rabh an t-olc le theacht (I 270)
- e Bhíothas á thaibhreamh dise gur buaireamh agus brón a bhí i ndán dóibh dá bhfillfeadh siad. (L 63)

Le canúint de chuid Chontae na Gaillimhe a bhaineann (15).

- (15) a Táthar 'á cheapadh dhom go ndéarfa sé é (U 107)

Insna cásanna seo uilig (agus insna cásanna uilig a bhfuil plé ag Mac Cana agus Ó Baoill orthu) ní féideir a áitiú go gcuireann an fhoirm neamhp-hearsanta gníomhaí in iúl. Ní gné bhunúsach de úsáid na catagóire deilbhíochta seo, mar sin, a leithéid a chur in iúl. Abairtí neamhphearsanta ar leibhéal an-bhunúsach leithéidí (14) agus (15), sa mhéid is nach bhfuil sé inchreidte, i mo bharúil-se, go bhfuil ainmní de chineal ar bith ar leibhéal gramadaí ar bith iontu. Cuid de uathúlacht chóras gramadaí na Gaeilge an fhéidireacht seo a bheith inti, dar liom féin, agus tréith ghamadaí í a dhéanann an Ghaeilge a idirdhealú ó go leor teangacha eile (McCloskey 1996b, 1998).

## Foinsí na Samplaí

- AG: *An Gabhar Sa Team Pall* Mícheál Ua Ciarmhaic, Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1986.
- ASL: *An Sléibhteánach*, Séamas Ó Caoimh, in eager ag Éamon Ó Conchúir, cóirithe don chló ag Pádraig Ó Fiannachta, An Sagart, Maigh Nuad, 1989.
- AT: *A Thig Ná Tit Orm* Maidhc Dainín Ó Sé, Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1987.
- BG: *Báthadh an Ghrosvenor*, W. C. Russell, Seosamh Mac Grianna, aistritheoir, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 1955.
- BOM: *Bloghanna ón mBlascaod*, Tomás Ó Criomhthain, in eager ag Breandán Ó Conaire, Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1997.
- CCC: *Cnuasach Céad Conlach*, Seán Bán Mac Meanman, in eager ag Séamus Ó Cnáimhsí, Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1989.
- CM: *An Chéad Mhám*, Seán Bán Mac Meanman, in eager ag Séamus Ó Cnáimhsí, Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1990.
- CMD: *Críost Mac Dé i, ii*, An tAthair Peadar Ó Laoghaire, Brún agus Ó Nóláin, Baile Átha Cliath, 1923–25.
- DCA: *Dith-Chéille Almayer*, Joseph Conrad, Seosamh Mac Grianna, aistritheoir, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1934.
- D: *Dracula*, Bram Stoker, Seán Ó Cuirrín, aistritheoir, atheagraithe ag MaolmhaodhÓ Ruairc, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1933, 1997.
- DM: *An Druma Mór*, Seosamh Mac Grianna, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1969.
- EMRE: *Eochair, Mac Rí i n-Éirinn*, Éamon a Bárc, Liam Mac Coisdeala a bhailligh, Caoimhín Ó Nualláin a chuir in eager, Comhairle Bhéaloideas Éireann, 1982.
- F: *Fánaí* Seán Óg (Seán Óg Ó Caomhánaigh), Alex Thom i gcomhar le hOifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1928.
- I: *Ise*, H. Rider-Haggard, Niall Ó Domhnaill, aistritheoir, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1933.
- L: *Laochas—Scéalta as an tSeanlitríocht*, Séamas Ó Searcaigh, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 1945, 1984.

MOC: *An Minister Ó Ceallaigh*, A.E.W. Mason agus Andrew Lang, Niall Ó Domhnaill, aistritheoir, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 1937.

NCN: *Nár Chlos Ár Namhaid*, Ger Ó Cíobháin, Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1984.

ODR1,2: *Ó Donnabháin Rosa I, II*, Seán Ó Lúing, Sáirséal agus Dill, Baile Átha Cliath, 1969, 1979 faoi seach.

PMB: *Pádhraic Mháire Bhán*, Seán Ó Ruadháin, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 1934,1994.

U: *Unaga*, Ridgwell Cullum, Eoghan Ó Neachtain, aistritheoir, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, 1930.

UMI: *Uaill-Mhian Iúdaigh*, Roy Bridges, Tadhg Ó Rabhartaigh, aistritheoir, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, 1936.

## Tagairtí

- de Bhaldraithe, Tomás (1948) Varia. *Éigse* 4: 165–8.
- de Bhaldraithe, Tomás (1985) “Nótaí Gramadaí,” *Celtica* 17, 101–104.
- Mac Cana, Proinsias agus Dónall P. Ó Baoill (1997) “Gnéisithe den Chéasta sa Nua-Ghaeilge,” i *Dán do Oide, Essays in Memory of Conn R. Ó Cléirigh*, in eagarr ag Anders Ahlqvist agus Véra Čapkova, 265–280, Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Baile Átha Cliath.
- McCloskey, James (1996a) “Nótaí Comhréire,” *Ériu* 46: 159–164.
- McCloskey, James (1996b) “Subjects and Subject Positions in Irish,” i *The Syntax of the Celtic Languages, a Comparative Perspective*, in eagarr ag Robert Borsley agus Ian Roberts, 241–283, Cambridge University Press, Cambridge.
- McCloskey, James (1998) “Progress in Irish,” i *Dán do Oide, Essays in Memory of Conn R. Ó Cléirigh*, in eagarr ag Anders Ahlqvist agus Véra Čapkova, 281–302, Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Baile Átha Cliath.
- Ó Cadhlaigh, Cormac (1940) *Gnás na Gaedhilge*, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath.
- Ó Curnáin, Brian (1996) *Aspects of the Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, tráchtas dochtúireachta, Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath.